# Opening of the new Military Archives Facility

# Oscailt Áras nua na Cartlainne Míleata

26.04.16



ÉIRE
IRELAND

1916
2016

# Foreword
# Brollach

The opening of the newly refurbished Military Archives facility in Cathal Brugha Barracks represents one of the seven Government flagship capital projects being developed for the 1916 centenary.

The Military Archives is the place of deposit for archival records of the Defence Forces, the Department of Defence and the Army Pensions Board, under the terms of the National Archives Act, 1986. Its function is to acquire, preserve and make available these records from the formation of the Irish Volunteers in November 1913 to the present, including service overseas since 1958. It also holds over 1,000 private collections from families and individuals.

The new building provides for a front of house facility, administration accommodation and a new, purpose-built annex building with enhanced storage for the physical files of the Military Pensions Archive. It will provide an appropriate showcase for the most significant collections of archival material relating to the 1916 Rising anywhere in the world and will also serve as a permanent reminder of this commemorative year.

You are very welcome to this event which celebrates the culmination of a great deal of work resulting in the safeguarding and accessibility of the collections for future generations.

Tá áis nuachóirithe na Cartlainne Míleata i nDún Chathail Bhrugha ar cheann de na seacht dtogra mórshuntais atá á dtabhairt chun cinn ag an Rialtas maidir le comóradh céad bliain 1916.

Faoi théarmaí an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, is í an Chartlann Mhíleata an taisce ina gcoimeádtar taifid chartlainne Óglaigh na hÉireann, na Roinne Cosanta agus Bhord na nArm-Phinsean. Is é atá d'fheidhm léi na taifid sin, ó bhunú Óglaigh na hÉireann i mí na Samhna 1913 anuas go dtí an lá inniu, a aimsiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil leis na taifid faoi sheirbhís thar lear ón mbliain 1958 i leith san áireamh. Tá níos mó ná 1,000 bailiúchán ó theaghlaigh agus ó dhaoine aonair ar coimeád inti chomh maith.

Déantar soláthar san fhoirgneamh nua d'áis fáiltithe, d'áiseanna riaracháin agus d'fhorthеach nua saintógtha ina bhfuil deis stórála níos fearr do na comhaid a bhaineann le Cartlann na bPinsean Míleata. Beidh sin ina ionad oiriúnach ag na bailiúcháin is suntasaí d'ábhar a bhaineann le hÉirí Amach 1916 in áit ar bith ar fud an domhain chomh maith le seasamh go buan ina foinse cuimhneacháin ar bhliain seo an chomórtha.

Cuirtear fáilte romhat ag an ócáid seo trína ndéantar ceiliúradh ar chuid mór dua agus díograise arb é an toradh atá air go gcuirtear na bailiúcháin ar chaoi a gcosanta agus a gcur ar fáil do na glúnta atá le teacht.

# Digitised Collections
# Téacs maidir le Bailiúcháin atá Digitithe

### The Military Service (1916-1923) Pensions Collection

This Collection comprises some 300,000 files generated as a result of: applications for service pensions from veterans involved in the Easter Rising, the War of Independence and the Civil War; allowances from the dependants of those killed on active service or from those wounded or incapacitated while on duty during the period; and the award of the 1916 Medal and The Service (1917-1921) Medal. The Department of Defence is cataloguing and partially digitising these files which are in the custody of the Military Archives.

### The Bureau of Military History (1913-1921)

The objective of the Bureau, which was established in January 1947, was to assemble and co-ordinate material to form the basis for the compilation of the history of the movement for Independence from the formation of the Irish Volunteers on 25th November 1913, to the 11th July 1921. Over the course of eleven years, 1773 witness statements, 334 sets of contemporary documents, 42 individual photograph collections, 210 photographs of action sites during Easter Week taken subsequently by the Air Corps, 12 voice recordings, and a collection of press cuttings were assembled by the Bureau.

### Maps, Plans and Drawings Collection

The Irish Military Barracks Maps, Plans and Drawings Collection is a collection of material relating to the construction and maintenance of military barracks in Ireland from circa1830 to circa 1980. It comprises approximately 4,000 architectural maps, plans and drawings of military installations throughout the island of Ireland. The collection contains many previously unseen architectural drawings from the British War Office, the Royal Engineer Corps, the Ordnance Survey and, more recently, the Defence Forces Engineer Corps.

### Bailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata (1916-1923)

Tá 300,000 comhad sa Bhailiúchán seo a cruthaíodh mar gheall ar: iarratais ar phinsin seirbhíse ó dhaoine a raibh baint acu le hÉirí Amach na Cásca, le Cogadh na Saoirse agus leis an gCogadh Cathartha; iarratais ar liúntais ó chleithiúnaigh na daoine a maraíodh agus iad ar sheirbhís nó ó dhaoine a gortaíodh nó a cuireadh óna gcumas agus iad ar dualgas i rith na tréimhse sin; agus Bonn 1916 agus An Bonn Seirbhíse (1917-1921) a bhronnadh. Tá an Roinn Cosanta i mbun catalógú a dhéanamh ar na comhaid seo atá ar coimeád sa Chartlann Mhíleata agus digitiú a dhéanamh ar roinnt den ábhar.

### Biúró na Staire Míleata (1913-1921)

Ba é aidhm a bhí leis an mBiúró, ar a chur ar bun i mí Eanáir 1947, ábhar a chnuasach agus a chur in ord a bheadh ina bhonn le stair ghluaiseacht na saoirse a chur i dtoll a chéile ó cuireadh Óglaigh na hÉireann ar bun ar an 25 Samhain 1913 anall go dtí an 11 Iúil 1921. Thiomsaigh an Biúró, in imeacht aon bhliain déag, 1773 ráiteas finné, 334 tacar cáipéisí comhaimseartha, 42 bailiúchán grianghraf faoi leith, 210 grianghraf de láithreacha inar tharla eachtraí i rith Sheachtain na Cásca a thóg an tAerchór níos faide anonn, 12 taifeadadh fuaime, agus bailiúchán de ghearrthóga as páipéir nuachta.

### Bailiúchán Mapaí, Pleananna agus Léaráidí Líníochta

Is bailiúchán maidir le hobair thógála agus obair chothabhála ar bheairicí airm in Éirinn ó na blianta thart ar 1830 anuas go dtí na blianta thart ar 1980 atá i mBailiúchán Mapaí, Pleananna agus Léaráidí Líníochta Bheairicí Míleata na hÉireann. Tá isteach is amach le 4,000 mapa, plean agus léaráid ailtireachta d'ionaid mhíleata ar fud oileán na hÉireann sa bhailiúchán. Tá léaráidí ailtireachta ina measc ó Oifig Cogaíochta na Breataine, ón gCór Innealtóireachta Ríoga, ón tSuirbhéireacht Ordanáis, nach raibh teacht orthu go dtí seo, chomh maith le hábhar a tháinig níos déanaí ná sin arís ón gCór Innealtóirí in Óglaigh na hÉireann.



**A selection of photographs from the Military Archives Collections**
Rogha grianghraf ó Bhailiúcháin na Cartlainne Míleata

## Military Archives Image Gallery

Military Archives holds approximately 40,000 digital images which are uploaded on a thematic basis to an online gallery. This online photograph gallery is designed to exhibit these images while also allowing the viewer to post comments and to create an online user account to submit his/her electronic images to Military Archives for hosting

The Military Archives Image Identification Project is an outreach initiative to members of the public for their feedback on these historic photographs of soldiers in order to glean information on the identities of the personnel concerned as well as any additional background information on the image such as location, photographer, date and context. If you think you can be of assistance, please follow the link to the Military Archives flickr page: www.flickr.com/photos/militaryarchives/

## Gailearaí Íomhánna na Cartlainne Míleata

Tá tuairim is 40,000 íomhá digiteach ar coimeád sa Chartlann Mhíleata agus rinneadh a gcur suas i ngailearaí ar an idirlíon de réir téamaí éagsúla. Tá an gailearaí grianghraf seo leagtha amach ionas go gcuirtear na grianghraif ar taispeáint agus go ligtear don té atá a mbreathnú teachtaireacht a scríobh le grianghraf faoi leith agus cuntas úsáideora a chruthú chun íomhánna leictreonaice dá c(h)uid féin a chur faoi bhráid na Cartlainne Míleata lena gcur ar fáil don phobal.

Tá Tionscadal Aithint Íomhánna ar siúl ag an gCartlann Mhíleata mar thionscnamh caidrimh leis an bpobal ag iarraidh a gcuid eolais maidir leis na grianghraif seo de shaighdiúirí d'fhonn na daoine atá i gceist a thabhairt chun aithne agus aon eolas eile faoi ábhar an íomhá, mar shampla, an láthair, an grianghrafadóir, an dáta agus an comhthéacs. Más dóigh leat go bhféadfá cúnamh ar bith a thabhairt ina leith sin, lean an nasc go dtí leathanach flickr na Cartlainne Míleata: www.flickr.com/photos/militaryarchives/



## Irish Army Census Collection 1922

The Census collection consists of ten volumes of Census Returns bound in leather and card and arranged alphabetically by post. In the past access to the collection has been limited by their size and location as unless a researcher knew what post a particular soldier served in there was no way to search the volumes without reading each individual entry. Now that the collection is being digitised, researchers will be able to browse the collection far more easily.

## An tÓglach

The collections also contain copies of army periodicals including an tÓglach (1913 to 1932), an Cosantóir (1940 to present), the Curragh Bulletin, and the Irish Volunteer among others. Online copies of an tÓglach magazine can be accessed on the Military Archives website.

## The Collins Collection

The Collins Collection comprises the papers of Michael Collins, Minister of Finance, Director of Organisation and Intelligence I.R.A. 1917-1921 and working files of the Historical Section 1933-1959.

## Bailiúchán Dhaonáireamh 1922 Arm na hÉireann

Tá deich gcinn d'imleabhair i mBailiúchán an Daonáirimh ina bhfuil tuairiscí an Daonáirimh arna gceangal faoi charta agus leathar ar a leagan amach de réir an phoist in ord aibítre. Go dtí le gairid, bhíodh deacracht ag baint leis an mbailiúchán a cheadú ó tharla nach raibh aon bhealach ann chun na himleabhair a chuardach sa chás nach raibh an post faoi leith ina raibh an saighdiúir ar dualgas ar eolas ag an taighdeoir, mura gcíorfaí gach iontráil i ndiaidh a chéile. Anois, ó tá digitiú á dhéanamh ar an mbailiúchán, is furasta go mór a bheidh ábhar an bhailiúcháin a bhreathnú.

## An tÓglach

Tá cóipeanna den iliomad iris sna bailiúcháin chomh maith, ina measc An tÓglach (1913 - 1932), An Cosantóir (1940 i leith), an Curragh Bulletin, an Irish Volunteer agus eile. Is féidir teacht ar chóipeanna den Óglach ar láithreán gréasáin na Cartlainne Míleata.

## Bailiúchán Uí Choileáin

Is é atá i mBailiúchán Uí Choileáin, na cáipéisí a bhain le Mícheál Ó Coileáin, an tAire Airgeadais, Stiúrthóir Eagrúcháin agus Faisnéise Arm na Poblachta 1917-1921, agus na comhaid oibre a bhí ag an Rannóg Staire 1933-1959.


THE IRISH VOLUNTEER
Óglác na Éireann
Vol. 1. No. 1. Saturday, February 7th, 1914. Price, One Penny
FROM THE OUTPOST.
Uniforms.
Arms.
"The Irish Volunteer."
A Request to Correspondents.
Future Issues.
IRELAND, 1914.






**Other, non-digitised, collections of the Military Archives include:**


- Truce Liaison and Evacuation Papers (1921 to 1922)
- Civil War Captured Documents
- Railway Protection Corps Collection (Civil War)
- Personnel files for officers and enlisted personnel since 1922
- Department of Defence 'A/' files from 1922
- Army Crisis Collection, 1924
- Department of Defence '2/' files, 1925 to 1947
- Army Organisation Board Collection
- Army Equitation School Collection 1926 to 1980
- Military Mission/Temporary Plans Division 1926 to 1928
- Minutes of GHQ Staff Conferences Collection, 1925-39
- National Emergency files 1939 to 1946
- Department of Defence '3/' Administrative Files 1947 to 1961
- Records specific to the Naval Service and the Air Corps
- United Nations Unit Peacekeeping and Peace Enforcement Histories from 1958
- Press cuttings 1916-2000

**Airítear ar na bailiúcháin eile atá sa Chartlann Mhíleata atá gan digitiú a dhéanamh orthu fós:**

- Caipéisí maidir le Caidreamh le linn an tSosa agus an tAslonnú (1921 - 1922)
- Caipéisí a Gabhadh i rith an Chogaidh Chathartha
- Bailiúchán Chór Cosanta na nIarnród (an Cogadh Cathartha)
- Comhaid pearsanra na n-oifigeach agus na foirne liostáilte ón mbliain 1922 i leith
- Comhaid Riaracháin 'A/' na Roinne Cosanta ó 1922
- Bailiúchán Ghéarchéim an Airm, 1924
- Comhaid Riaracháin '2/' na Roinne Cosanta, 1925 to 1947
- Bailiúchán Bhord Eagrúcháin an Airm
- Bailiúchán Scoil Eachaíochta an Airm 1926 - 1980
- Rannóg na bPleananna Sealadacha/ Misean Míleata 1926 - 1928
- Bailiúchán Mhiontuairiscí Chomhdhálacha Foirne na Ceanncheathrún Ginearálta, 1925-39
- Comhaid maidir leis an Éigeandáil Náisiúnta 1939 - 1946
- Comhaid Riaracháin '3/' na Roinne Cosanta 1947 - 1961
- Taifid a bhaineann go sonrach leis an tSeirbhís Chabhlaigh agus leis an Aerchór
- Stair Aonaid Síochánaíochta agus Forghníomhú Síochána na Náisiún Aontaithe ón mbliain 1958 i leith
- Gearrthóga Nuachtán 1916-2000

# The Programme
# An Clár

| | | |
|---|---|---|
| 1.30 | Arrival of Invited Guests to Army band recital | Teacht i lathair Aíonna chuig ceadal bhanna an Airm |
| 1:45 | Arrival of the Lord Mayor of Dublin | Teacht i lathair an Ard-Mheara ar Bhaile Átha Cliath |
| 1:52 | Arrival of the President of Ireland, Michael D. Higgins, accompanied by his wife, Sabina Higgins, greeted by the Minister for Defence - inspection of Guard of Honour | Teacht I lathair Uachtaran na hEireann, Micheal D. O hUiginn, I gcuideachta a mhna ceile, Sabina Higgins, an tAire Cosanta a cur failte rompu – Cigireacht ar an nGarda Onora |
| | Opening comments by the Master of Ceremonies | Raitis tosaigh ag an Maistir Searmanas |
| | Welcoming Remarks by the Minister for Defence | Failtiu on tAire Cosanta |
| | Speech by the President, Michael D. Higgins | Oraid le hUachtaran na hEireann, Micheal D. O hUiginn |
| | "Putting the Archives into Historical Context" – Ms. Caitriona Crowe, National Archives | "An Chartlann a chur i gComhtheacs na Staire" – Caitriona Crowe Uasal, An Chartlann Naisiunta |
| | "The Significance of the Collections" – Commandant Padraic Kennedy, Military Archives | "Tabhacht na mBailiuchan" – An Ceannfort Padraic Kennedy – na Cartlainne Mileata |
| | Unveiling of commemorative plaque by the President | Plaic chomortha a nochtadh ag Uachtaran na hEireann |
| | Guided tour of the facilities for VIP's | Turas treoraithe timpeall na saoraidí do na Daoine Mor le Ra |
| | Reception for invited Guests | Failtiu do na hAionna |
| | Archives display facilitated by the Archivists | Taispeantas den chartlann arna eascu ag na Cartlannaithe |
| | Guided tour of the facilities available to guests | Beidh Turas treoraithe timpeall na saoraidí ar fail do na haíonna |
| | Event concludes | Críoch leis an ocaid |




Follow us on Facebook and Twitter
*Lean ar Facebook agus Twitter muid*

**@ireland2016 #Ireland2016**

**www.ireland.ie**